Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0429(COD)**

**11261/1/26**
**REV 1 ADD 1**

**JAI 924**
**ENFOPOL 246**
**CRIMORG 143**
**IXIM 150**
**DATAPROTECT 223**
**CYBER 326**
**COPEN 253**
**FREMP 230**
**TELECOM 361**
**COMPET 894**
**MI 721**
**CONSOM 221**
**DIGIT 185**
**CODEC 1341**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 2 Iúil 2026 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Bhí ról luachmhar ag gníomhaíochtaí braite deonacha a bheith á ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun íospartaigh mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a shainaithint agus a tharrtháil. Go dtí an 20 Nollaig 2020, is le Rialachán (AE) 2016/679, agus leis an Rialachán sin amháin, a rialaíodh an phróiseáil arna déanamh ag soláthraithe ar shonraí pearsanta trí bhíthin bearta deonacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath ar a seirbhísí agus í a thuairisciú agus chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint dá seirbhísí[1]. Le Treoir (AE) 2018/1972[2], a bhí le trasuí faoin 20 Nollaig 2020, tugadh soláthraithe laistigh de raon feidhme Threoir 2002/58/CE[3] ('an Treoir maidir le r-phríobháideachas'). In éagmais reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear srian le raon feidhme na gceart agus na n-oibleagáidí faoin Treoir maidir le r-phríobháideachas, ní fhéadfadh soláthraithe, dá bhrí sin, a bheith ag brath a thuilleadh ar Rialachán (AE) 2016/679 chun leanúint de bhearta deonacha a dhéanamh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú ar a seirbhísí agus chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint dá seirbhísí tar éis an 20 Nollaig 2020.

---

1 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88.

2 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú), IO L 321, 17.12.2018, lgh. 36-214.

3 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), IO L 201, 31.7.2002, lch. 37-47.

2. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin go dtí go nglacfar creat dlíthiúil fadtéarmach lena dtugtar aghaidh ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac, ghlac na comhreachtóirí Rialachán (AE) 2021/1232[4] ('an Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí'), a tháinig i bhfeidhm an 3 Lúnasa 2021 agus lena bhforáiltear do mhaolú sealadach ar fhorálacha áirithe den Treoir maidir le r-phríobháideachas do sholáthraithe áirithe a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac. Leis Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, níor soláthraíodh foras dlíthiúil chun sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin ach leagadh síos leis coimircí breise nach mór do sholáthraithe a urramú más mian leo brath air.

3. An 11 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac ('an creat dlíthiúil fadtéarmach')[5] darb aidhm creat dlíthiúil fadtéarmach a sholáthar chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac. Tá an chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra sin fós ar bun.

4. I mí Aibreáin 2024, leasaíodh an Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí le Rialachán (AE) 2024/1307[6], lenar cuireadh síneadh leis an tréimhse cur i bhfeidhm go dtí an 3 Aibreán 2026, go dtí go dtabharfar an chaibidlíocht maidir leis an gcreat dlíthiúil fadtéarmach i gcrích.

5. An 19 Nollaig 2025, mhol an Coimisiún Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh 2 bhliain a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin Eatramhaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ('an togra maidir le síneadh').

---

[4] Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac IO L 274, 30.7.2021, lch. 41-51.

[5] 9068/22.

[6] Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, IO L, 2024/1307, 14.5.2024.

6. Tá an dréachtrialachán bunaithe ar Airteagal 16(2), i gcomhar le hAirteagal 114 (1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

7. Glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Eanáir 2026.

8. Tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar shainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa an 28 Eanáir 2026[7], agus an togra ón gCoimisiún síneadh 2 bhliain, go dtí an 3 Aibreán 2028, a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin Eatramhaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí á ghlacadh go bunúsach aige.

9. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh Birgit Sippel (S&D, DE) ina rapóirtéir. An 11 Márta 2026, d'fhormheas seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa sainordú le haghaidh caibidlíocht idirinstitiúideach, lenar tugadh isteach leasuithe ar an togra ón gCoimisiún lenar cuireadh teorainn shuntasach le raon feidhme an mhaolaithe.

10. Tar éis caibidlíocht idirinstitiúideach in dhá chruinniú thríthaobhacha (an 12 Márta 2026 agus an 16 Márta 2026), ní raibh na comhreachtóirí in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an togra le haghaidh síneadh.

11. An 26 Márta 2026, dhiúltaigh seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa don togra maidir le síneadh ar an gcéad léamh[8]. Chuaigh an Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí in éag an 3 Aibreán 2026 agus, dá bharr sin, ní féidir le soláthraithe a bheith ag brath a thuilleadh ar Rialachán (AE) 2016/679 chun leanúint de bhearta deonacha a dhéanamh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath agus a thuairisciú ar a seirbhísí agus chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhaint dá seirbhísí.

---

[7] 5761/26.
[8] 7630/26.

12. An 18 Meitheamh 2026, dúirt Uachtarán Pharlaimint na hEorpa san aitheasc uaithi don Chomhairle Eorpach go raibh sé in am bogadh ar aghaidh leis an togra le haghaidh Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus féachaint ar conas teacht ar chomhaontú polaitiúil ar an dara léamh.

13. An 25 Meitheamh 2026, sheol rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa don chomhad litir chuig Uachtaránacht na Comhairle inar leagadh béim ar chineál sealadach an mhaolaithe faoin Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus inar áitíodh ar an gComhairle na hiarrachtaí a dhíriú ar fhorbairt an chreata dhlíthiúil fhadtéarmaigh.

14. An 26 Meitheamh 2026, chuir Coiste na mBuanionadaithe treoir ar fáil don Uachtaránacht agus chomhaontaigh sé leanúint ar aghaidh le seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh mar ábhar práinne.

15. Tar éis athbhreithniú dlí agus teanga a dhéanamh, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 2 Iúil 2026.

## II. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

16. Is oth leis an gComhairle nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú polaitiúil le Parlaimint na hEorpa maidir le síneadh a chur leis an Rialachán Eatramhach maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar an gcéad léamh. Mar sin féin, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé bearna dhlíthiúil fhada a sheachaint sa chomhrac i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne agus ós rud é go bhfuil an chaibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an gcreat dlíthiúil fadtéarmach fós ar siúl, chinn an Chomhairle seasamh a ghlacadh ar an gcéad léamh faoi Airteagal 294(5) CFAE agus é a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa mar aon leis an ráiteas seo ar chúiseanna.

17. Ós rud é go ndearnadh, leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur lena thréimhse cur i bhfeidhm, foráil maidir le síneadh a chur le rialachán atá imithe in éag agus, dá bhrí sin, nach féidir síneadh a chur leis a thuilleadh, tá sé beartaithe ag an gComhairle an leagan is déanaí de théacs iomlán an Rialacháin Eatramhaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí atá imithe in éag a ghlacadh mar Rialachán nua neamhspleách, maille le hoiriúnuithe ar dhátaí agus scriosadh forálacha neamhábhartha faoin teideal 'Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí a bheith á n-úsáid ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac.'

18. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go héifeachtach agus go dtí go nglacfar agus go gcuirfear i bhfeidhm an creat dlíthiúil fadtéarmach, is gá maolú sealadach ar Airteagail 5(1) agus 6(1) de Threoir 2002/58/CE a cheadú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo. I bhfianaise na n-imthosca ar leith, ba cheart tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a theorannú go dtí an 3 Aibreán 2028 ionas go mbeidh dóthain ama ann chun an creat dlíthiúil fadtéarmach a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

19. I bhfianaise gur gá deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú go tráthúil i bhfianaise dhul in éag an Rialacháin Eatramhaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, is iomchuí a fhoráil gur cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

20. Tá an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ag luí le príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún maidir le síneadh chun leanúint de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go héifeachtach go dtí go nglacfar agus go gcuirfear i bhfeidhm an creat dlíthiúil fadtéarmach.

## III. <u>CONCLÚID</u>

21. Is é is aidhm don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an bhearna dhlíthiúil a cruthaíodh mar gheall ar dhul in éag an Rialacháin Eatramhaigh maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a dhúnadh go pras, trí mhaolú sealadach agus coinníollach ar Threoir 2002/58/CE a cheadú maidir le bearta deonacha áirithe chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath. Is é is aidhm don seasamh ón gComhairle a áirithiú gur féidir leanúint de na bearta deonacha sin a dhéantar chun leanaí a chosaint ar líne go dtí go gcuirfear creat fadtéarmach don chosaint sin chun feidhme.